2024/2448

3.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 131/2024

an 12 Meitheamh 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2448]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/473 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na ceanglais maidir le doiciméid faisnéise, na costais agus na táillí a áirítear faoin teorainn costais agus teicnící maolaithe riosca ig comhair an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpaigh ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/895 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil táirgí ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/896 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhreise chun críocha an chóineasaithe sa tuairisciú maoirseachta ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/897 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid an tuairiscithe maoirseachta do na húdaráis inniúla agus maidir le comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis phointe 31da (Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31daa. **32021 R 0473**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/473 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na ceanglais maidir le doiciméid faisnéise, na costais agus na táillí a áirítear faoin teorainn costais agus teicnící maolaithe riosca i gcomhair an Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpaigh (IO L 99, 22.3.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tharmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

I gcás Lichtinstéin, maidir leis na ríomhanna de réir mhír 26 d'Iarscríbhinn III, úsáidfear Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) na hEilvéise.

([1]) IO L 99, 22.3.2021, lch. 1.
([2]) IO L 197, 4.6.2021, lch. 1.
([3]) IO L 197, 4.6.2021, lch. 5.
([4]) IO L 197, 4.6.2021, lch. 7.

31dab. **32021 R 0895**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/895 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidirghabháil táirgí (IO L 197, 4.6.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tharmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

In Airteagail 1 go 7, cuirfear na focail 'nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC'.

31dac. **32021 R 0896**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/896 an 24 Feabhra 2021 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhreise chun an tuairisciú maoirseachta a chóineasú (IO L 197, 4.6.2021, lch. 5).

31dad. **32021 R 0897**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/897 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid an tuairiscithe maoirseachta do na húdaráis inniúla agus maidir le comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (IO L 197, 4.6.2021, lch. 7).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme oiriúnaithe mar a leanas:

In Airteagail 7 go 13(1), cuirfear na focail 'agus Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'ÚEÁPC'.'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/473, (AE) 2021/895 agus (AE) 2021/896 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/897 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 71/2024 ó Chomhchoiste LEE an 15 Márta 2024 ([5]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([5]) IO L, 2024/1626, 4.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1626/oj.